2007. M.24T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007

## TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## DÉ LUAIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 GO 4.20

**Scrúduimhir**

| |
|---|
| |

**Don Scrúdaitheoir amháin**

| CUID A hAON Ceisteanna Gearrfhreagra | Marc Iomlán |
|---|---|
| x 8m | |
| x 6m | |
| x 4m | |
| x 2m | |
| x 0m | |
| Marc Carnach | |

**Don Scrúdaitheoir amháin**

| CUID A hAON Ceisteanna Gearrfhreagra | Marc |
|---|---|
| Marc Carnach | |
| Marc Dícheadaithe | |
| Marc Glan | |

**N.B Ná déan dearmad an páipéar seo a thabhairt ar ais i dteannta le do fhreagarleabhar nó caillfear marcanna.**


**CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC**

Freagair **DEICH** gceist

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1 Struchtúr an Domhain**




Scrúdaigh an léaráid de struchtúr an Domhain.
Meaitseáil gach ceann de na téarmaí seo a leanas leis an litir cheart sa léaráid.

| | |
|---|---|
| An Croí Istigh | |
| An Maintlín | |
| An Screamh Aigéanach | |
| An Screamh Ilchríochach | |

**[8]**

## 2 Léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50000 de chuid na SO **de réigiún Dhroichead Átha** agus scríobh sa spás atá ann dó an freagra ceart as na roghanna atá tugtha i n**gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

(i) Is é an tírghné atá ag O 160 750 ná

| | |
|---|---|
| *Dumhach / Trá Ghainmheach / Gob Gainimh* | |

(ii) Is é an ghné iompair atá ag O 065767 ná

| | |
|---|---|
| *Acomhal Mótarbhealaigh / Cuarbhóthar / Timpeallán* | |

(iii) Ritheann an R 166 (atá le fáil ag O 11 77) sa treo

| | |
|---|---|
| *Soir – Siar / ó Thuaidh – ó Dheas / Soir ó Thuaidh – Siar ó Dheas* | |


(iv) Is é achar an réigiúin a thaispeántar sa sliochtléarscáil ná

| | |
|---|---|
| *108 km cearnach / 54 km cearnach / 218 km cearnach* | |

**[8]**

## 3 Ídiú Fuinnimh

Scrúdaigh an phíchairt thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.





| | |
|---|---|
| Sainaithin an fhoinse fuinnimh is tábhachtaí | |
| Sainaithin cineál amháin breosla iontaise atá liostaithe sa chairt | |
| Cén céatadán den fhuinneamh a rinneadh as gual? | |
| Cén céatadán den fhuinneamh a rinneadh as foinsí in-athnuaite? | |

**[8]**

## 4 Fás Daonra Uirbigh

Scrúdaigh an chairt thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.




Foinse. www.un.org

| | |
|---|---|
| De cé mhéad milliún a cheaptar a fhásfaidh daonra Chathair Mheicsiceo idir 1975 agus 2015? | |
| Cén chathair a cheaptar a mbeidh an méadú is lú ar an daonra inti idir 2000 agus 2015? | |
| Cén chathair a raibh an ráta fáis is tapa ag an daonra inti idir 1975 agus 2000? | |
| Cén chathair a cheaptar a mbeidh an ráta fáis is moille sa daonra inti idir 1975 agus 2015? | |

**[8]**

## 5 Coincheap an Réigiúin


Meaitseáil gach ceann de na cineálacha réigiúin i gColún A leis an gcur síos air i gColún B.

| Colún A | | Colún B | |
|---|---|---|---|
| Réigiúin Gheomoirfeolaíocha | **A** | Comhairlí Áitiúla / Bardais / teorainneacha toghlaigh / ranna contae, etc. | |
| Réigiúin Chultúir | **B** | Réigiúin thearcfhorbartha / croí réigiúin / réigiúin fhorimeallacha/ réigiúin ina bhfuil meath tionsclaíochta | |
| Réigiúin Riaracháin | **C** | Réigiúin atá bunaithe ar thírghnéithe difriúla e.g. tírdhreacha carst, tírdhreacha droma agus gleanna, machairí, etc. | |
| Réigiúin Shocheacnamaíocha | **D** | Réigiúin a bhfuil baint acu le teanga agus reiligiúin | |

**[8]**

**6 Tírghnéithe Cósta**

Scrúdaigh an léaráid thíos a léiríonn tírghné chósta.
Meaitseáil gach ceann de na tírghnéithe seo a leanas leis an litir cheart sa léaráid.





| | |
|---|---|
| Murlach | |
| Clais Ghainimh | |
| Tambaló | |
| Cé acu díobh seo a leanas arb é an príomhphróiseas é atá gníomhach i múnlú na dtírghnéithe atá liostaithe thuas: *Creimeadh / Sil-leagan*? | |

**[8]**

**7 Aerfótagraf**

Le cabhair an aerfótagraif atá in éineacht leis an bpáipéar seo agus na téarmaí cearta á n-úsáid agat, tabhair suíomh gach ceann de na gnéithe a thaispeántar sa tsracléarscáil thíos.






| | |
|---|---|
| **A** | |
| **B** | |
| **C** | |
| **D** | |


**[8]**


## 8 Cairt na hAimsire san Atlantach

Scrúdaigh an chairt aimsire agus na léarscáileanna scamall thíos agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.





Meaitseáil gach ceann de na téarmaí seo a leanas lena litir cheart – A, B nó C – sa léarscáil aimsire.

| | |
|---|---|
| Fronta Te | |
| Frithchioclón | |
| Fronta Fuar | |
| Cén léarscáil scamall – D, E nó F – a mheaitseálann an léarscáil aimsire? | |

**[8]**

**9 Pirimidí Daonra**

Scrúdaigh an phirimid daonra thíos agus freagair na ceisteanna ina diaidh.





Meaitseáil gach cur síos díobh seo a leanas leis an litir cheart sa phirimid daonra.

| | |
|---|---|
| Ráta báis níos airde ná mar is gnách (i ngeall ar chogadh, gorta, galar nó imirce) | |
| Tréimhse inimirce nó blianta borrtha naíonán | |
| Maireann na mná níos faide ná na fir | |
| Níos lú leanaí á mbreith | |

**[8]**

## 10 Cineálacha Fána

Meaitseáil gach ceann de na cineálacha fána leis an litir cheart sa léaráid.




| | |
|---|---|
| Fána Chuasach | |
| Fána Dhronnach | |
| Fána Chéimnithe | |
| Fána Réidh Chothrom | |

**[8]**

## 11 Córais Draenála

**A** **B**





| | |
|---|---|
| Ainmnigh an patrún draenála a thaispeántar i Léaráid A | |
| Ainmnigh an patrún draenála a thaispeántar i Léaráid B | |
| Cén t-ainm a thugtar ar limistéar de thalamh ard a scarann dhá abhantrach óna chéile? | |
| Cén t-ainm a thugtar ar an bpointe a dtéann craobhabhainn isteach in abhainn níos mó? | |

**[8]**

**12 Léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an tsliochtléarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis thíos agus an phróifíl atá tarraingthe feadh na conaire atá marcáilte le dath gorm ar an léarscáil.
Freagair na ceisteanna ina ndiaidh.




| | |
|---|---|
| *Fíorfhad na conaire* | 5200 m |
| *An Íosairde ar an gconair* | 0 m |
| *An Uasairde ar an gconair* | 798 m |

| | |
|---|---|
| Cad é an airde os cionn leibhéal na farraige ag A, tús na conaire? | |
| Sainaithin an tírghné oighriúcháin ag B. | |
| Ainmnigh an bóthar ag C. | |
| Sainaithin an díol spéise do thurasóirí ag D. | |

**[8]**

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA AGUS AISTE – 320 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist, mar seo a leanas:

- **Dhá** cheist as **Roinn 1**
- Ceist **amháin** as **Roinn 2**
- Ceist **amháin** as **Roinn 3**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

**ROINN 1 - AN CROÍCHÚRSA**

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

**CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Timpeallacht Fhisiceach**

**AGUS**

**CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA TIMPEALLACHT FHISICEACH**

**Freagair ceist AMHÁIN**

**Ceist 1**

## A LÉARSCÁIL SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS

Scrúdaigh an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Agus úsáid á baint agat as grafpháipéar, **tarraing sracléarscáil a bheidh leath chomh fada agus leath chomh leathan leis an léarscáil**.
Ar an tsracléarscáil sin taispeáin agus ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas:

- Abhainn na hAiní
- Trá
- Limistéar siolta / láib
- Spotairde uimhrithe

**[20m]**

## B TEORAINNEACHA PLÁTAÍ

"Is é is teorainneacha plátaí ann ná criosanna ina ndéantar screamh a chruthú agus a scrios."
Scrúdaigh an ráiteas thuas agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**


## C SÍONCHAITHEAMH

Agus tagairt agat do thírdhreach na hÉireann, scrúdaigh conas a d'oibrigh próisis an tsíonchaithimh tionchar ar ghné aolchloiche **amháin** ar bith.

**[30m]**

**Ceist 2**

## A TEICTEONAIC PHLÁTAÍ




Freagair na ceisteanna seo a leanas i do fhreagarleabhar.

(i) Ainmnigh an t-oileán ag A ina dtarlaíonn bolcáin.

(ii) Ainmnigh an ghné atá le fáil ag B.

(iii) Luaigh go soiléir na cineálacha difriúla de theorainneacha plátaí atá le fáil ag C agus D araon.

**[20m]**

## B FORBAIRT TÍRGHNÉITHE

Le cabhair léaráide lipéadaithe, scrúdaigh na próisis a bhí ina gcúis le múnlú tírghné **amháin** de do rogha féin in Éirinn.

**[30m]**

## C IDIRGHNÍOMHAÍOCHT LEIS AN TIMTHRIALL CARRAIGE

Agus tagairt agat do **cheann amháin** díobh seo a leanas, scrúdaigh conas a dhéanann daoine idirghníomhaíocht leis an timthriall carraige:

- Mianadóireacht
- Cairéalú
- Taiscéalaíocht ola/gáis
- Táirgeadh fuinneamh geoiteirmeach.

**[30m]**

**Ceist 3**

## A ÍOMHÁNNA SATAILÍTE

Taispeánann na híomhánna satailíte go léir thíos radhairc dhifriúla de bholcán.




Ainmnigh sampla de bholcán a bhfuil staidéar déanta agat air.
Luaigh **dhá** bhuntáiste agus míbhuntáiste **amháin** atá ag daoine a chónaíonn i réigiún bolcánach.

**[20m]**

## B STRUCHTÚIR AN MHÍCHUMTHA

Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag **filleadh** agus **éascadh** ar an tírdhreach.
Déan tagairt i do fhreagra do thírghné **amháin i ngach** cás.

**[30m]**

## C IDIRGHNÍOMHAÍOCHT AN DUINE

Abair conas a d'fhéadfadh **ceann amháin** díobh seo a leanas tionchar a oibriú ar an tírdhreach:

- Díchoilltiú
- Bainistiú cósta
- Rialú tuile

**[30m]**

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

**Freagair ceist AMHÁIN**

**Ceist 4**

## A RÉIGIÚIN IN ÉIRINN

Tarraing léarscáil imchrutha (imlíne) d'Éirinn.
Taispeáin agus ainmnigh iad seo a leanas ar an léarscáil sin:

(i) Réigiún **amháin** ar bith in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat air
(ii) Ionad uirbeach **amháin** sa réigiún
(iii) Gné rilífe **amháin** sa réigiún
(iv) Gné draenála **amháin** sa réigiún.

**[20m]**

## B PRÓISIS EACNAMAÍOCHA

Scrúdaigh forbairt ceann **amháin** ar bith de na próisis eacnamaíocha seo a leanas i réigiún **Eorpach – taobh amuigh d'Éirinn –** de do rogha féin:

- Tionsclaíocht
- Turasóireacht

**[30m]**

## C GNÍOMHAÍOCHTAÍ PRÍOMHÚLA

Scrúdaigh forbairt gníomhaíochtaí príomhúla i **réigiún ilchríochach/fo-ilchríochach** de do rogha féin.

**[30m]**

**Ceist 5**

## A COINCHEAP AN RÉIGIÚIN

Is limistéar é réigiún a bhfuil tréith **amháin** nó níos mó aige a idirdhealaíonn é ó limistéir eile. Déan cur síos ar na **príomhthréithe** a bhaineann le réigiún **aeráide nó** le réigiún **geomoirfeolaíoch** de do rogha féin.

**[20m]**

## B GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁNAISTEACHA

Scrúdaigh forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha tánaisteacha **i réigiún in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## C DIFRÍOCHTAÍ CULTÚIR

Mínigh forbairt difríochtaí cultúir i **réigiún ilchríochach/fo-ilchríochach** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

**Ceist 6**

## A RÉIGIÚIN TAOBH AMUIGH D'ÉIRINN

Tarraing léarscáil imchrutha de **réigiún Eorpach – taobh amuigh d'Éirinn – NÓ de réigiún ilchríochach/fo-ilchríochach**.
Ar an léarscáil sin taispeáin agus ainmnigh iad seo a leanas:

(i) **Dhá** ghné fhisiceacha ar bith sa réigiún
(ii) **Dhá** ionad uirbeacha ar bith sa réigiún.

**[20m]**

## B FÁS UIRBEACH

Scrúdaigh fás limistéir uirbigh i **réigiún Eorpach – taobh amuigh d'Éirinn** – de do rogha féin.

**[30m]**

## C GNÍOMHAÍOCHTAÍ PRÍOMHÚLA

Scrúdaigh **dhá** thoisc a d'oibrigh tionchar ar fhorbairt gníomhaíochtaí príomhúla **i réigiún ar bith in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

**ROINN 2 – ROGHNACH**

**NÍ MÓR duit tabhairt faoi aon cheist AMHÁIN**

**as**

- **Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Eacnamaíocha**

**NÓ**

**as**

- **Patrúin agus Próisis sa Timpeallacht Dhaonna**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHA**

**Freagair ceist AMHÁIN**

## Ceist 7

### A OLLTÁIRGEADH INTÍRE

Scrúdaigh an tábla thíos a léiríonn OTI tíortha roghnaithe san Aontas Eorpach (AE).


| | |
|---|---|
| An Danmhairg | €27,000 |
| An Ungáir | €14,000 |
| Éire | €31,000 |
| An Pholainn | €11,000 |
| An Spáinn | €21,000 |
| An Ríocht Aontaithe | €26,000 |

Foinse: www.forfas.ie

Agus úsáid á baint agat as grafpháipéar, tarraing graf atá oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

**[20m]**

### B GNÍOMHAÍOCHT EACNAMAÍOCH THÁNAISTEACH




Scrúdaigh an tionchar a d'oibrigh **dhá** cheann ar bith de na tosca atá liostaithe thuas ar shuíomh gníomhaíochta eacnamaíche tánaistí **amháin** ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

### C LEASANNA ÁITIÚLA & DOMHANDA


Agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu, scrúdaigh conas a tharlaíonn coinbhleacht (achrann) go minic idir an gá atá le hacmhainní nádúrtha a shaothrú agus an gá atá leis an timpeallacht a chosaint.

**[30m]**

**Ceist 8**

## A STRUCHTÚR FOSTAÍOCHTA

Scrúdaigh an tábla thíos, a léiríonn an struchtúr fostaíochta i dtíortha roghnaithe in 2003




Freagair na ceisteanna seo a leanas i do fhreagarleabhar.

(i) Cén céatadán den lucht oibre a bhí fostaithe san earnáil phríomhúil in Éirinn?
(ii) Cén céatadán den lucht oibre a bhí fostaithe san earnáil thánaisteach sna hOileáin Fhilipíneacha?
(iii) Cén tír ina bhfuil an geilleagar is lú forbairt de réir cosúlachta?
(iv) Agus tagairt agat do na sonraí, luaigh cúis amháin ar roghnaigh tú an tír atá ainmnithe agat in (iii).

**[20m]**

## B LÉARSCÁIL SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS

Déan staidéar ar an léarscáil 1:50000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo.
"Is ionad tábhachtach é Droichead Átha don ghníomhaíocht eacnamaíoch."
Scrúdaigh an ráiteas thuas agus úsáid á baint agat as fianaise ón léarscáil mar thaca le do fhreagra.

**[30m]**

## C DOMHANDÚ & CUIDEACHTAÍ ILNÁISIÚNTA

I gcás cuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi, scrúdaigh nádúr domhanda a cuid gníomhaíochtaí.

**[30m]**

**Ceist 9**

## A AERFÓTAGRAF

Scrúdaigh an t-aerfótagraf atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Tarraing **sracléarscáil a bheidh chomh fada agus leath chomh leathan** leis an bhfótagraf. Ar an léarscáil sin taispeáin agus ainmnigh sampla **amháin** de gach ceann de na modhanna talamhúsáide seo a leanas:

- Fóillíocht (caitheamh aimsire)
- Reiligiún
- Tionscal
- Stóráil

**[20m]**

## B TIONSCAIL SEIRBHÍSE

Scrúdaigh forbairt seirbhísí iompair/cumarsáide **nó** airgeadais i ngeilleagair fhorbartha, agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**

## C BEARTAIS DE CHUID AN AONTAIS EORPAIGH

Scrúdaigh na tionchair a imríonn **dhá** bheartas (polasaí) ar bith de chuid an Aontais Eorpaigh ar gheilleagar na hÉireann.

**[30m]**


PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA TIMPEALLACHT DHAONNA

Freagair ceist AMHÁIN

**Ceist 10**

## A OCRAS SA DOMHAN

Scrúdaigh an léarscáil thíos, a léiríonn an céatadán de dhaonra na hAfraice, de réir fo-réigiún, atá gannchothaithe.




Agus úsáid á baint agat as grafpháipéar, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí a léiriú.

**[20m]**

## B FEIDHMEANNA UIRBEACHA

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Dhroichead Átha atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Scrúdaigh **trí** fheidhm ar bith de chuid an bhaile, agus úsáid á baint agat as fianaise ón bhfótagraf mar thaca le do fhreagra.

**[30m]**

## C AN RÓDHAONRA


D'fhéadfaí an ródhaonra a shainmhíniú mar an chúinse faoina bhfuil líon na ndaoine i limistéar rómhór le gur féidir leis na hacmhainní nádúrtha atá ar fáil iad a chothú. Scrúdaigh **cúis amháin agus toradh amháin** a bhaineann leis an ródhaonra agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**

Ceist 11

## A RÁTAÍ TORTHÚLACHTA

Scrúdaigh an graf a léiríonn rátaí torthúlachta i dtíortha roghnaithe san AE (1960-2000).




Freagair na ceisteanna seo a leanas i do fhreagarleabhar.

(i) Cén tír ina raibh an ráta torthúlachta ab ísle in 2000?
(ii) De cé mhéad a thit ráta torthúlachta na hÉireann idir 1960 agus 2000?
(iii) Ainmnigh an dá thír inár tháinig méadú ar an ráta torthúlachta idir 1980 agus 2000.
(iv) Ríomh an meánráta torthúlachta san Aontas Eorpach sa tréimhse ó 1960 go 2000.

**[20m]**

## B LONNAÍOCHT STAIRIÚIL

Léiríonn an limistéar a thaispeántar ar an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo, fianaise ar raon leathan de **lonnaíocht stairiúil**.
Scrúdaigh an ráiteas sin agus úsáid á baint agat as fianaise ón léarscáil, agus tagairt agat do **thrí** ghné dhifriúla ar bith de lonnaíocht stairiúil.

**[30m]**

## C LÁRIONAID UIRBEACHA

Is áiteanna iad cathracha ina bhfuil deiseanna ar fáil ach fadhbanna chomh maith.
Scrúdaigh an ráiteas sin, agus tagairt agat do chathair nó cathracha de do rogha féin.

**[30m]**

**Ceist 12**


## A AERFÓTAGRAF

Scrúdaigh an t-aerfótagraf atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Tarraing sracléarscáil a bheidh **leath chomh fada agus leath chomh leathan** leis an bhfótagraf. Ar an léarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh na modhanna talamhúsáide seo a leanas:

- Séipéal
- Droichead Coise
- Limistéar Cónaithe
- Limistéar Fóillíochta (caitheamh aimsire)

**[20m]**

## B TALAMHÚSÁID UIRBEACH




Scrúdaigh ábharthacht ceann **amháin** de na mionsamhlacha talamhúsáide mar a bhaineann sí le creasa talamhúsáide i gcathair a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

## C GLUAISEACHT DAONRA

Leanann an imirce intíre agus an imirce idirnáisiúnta de ról tábhachtach a imirt i múnlú stát agus réigiún.
Scrúdaigh tionchar **amháin** a imríonn gluaiseacht daonra ar na réigiúin deontóra agus tionchar **amháin** ar na réigiúin ghlacadóra.

**[30m]**

## ROINN 3 - ROGHANNA

**Freagair ceist AMHÁIN**

N.B. Is fearr trí ghné nó ceithre ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

## Idirspleáchas Domhanda

**13.** "Is saincheisteanna timpeallacha iad téamh domhanda agus fairsingiú fásaigh nach mór dul i ngleic leo láithreach."
Déan an ráiteas thuas a phlé, agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[80m]**

**14.** Scrúdaigh an bhaint atá ag fiachas náisiúnta agus patrúin trádála domhanda leis an timthriall leanúnach bochtaineachta ina lán tíortha.

**[80m]**

**15.** Scrúdaigh an smaoineamh gur féidir athrú teacht ar dhearcaí maidir le forbairt agus tearcfhorbairt.

**[80m]**

## Geo-éiceolaíocht

**16.** Scrúdaigh conas is féidir le róshaothrú / ró-innilt talún agus fairsingiú fásaigh cur isteach ar ithreacha.

**[80m]**

**17.** Scrúdaigh an comhdhéanamh ginearálta agus na tréithe a bhaineann le cineál ithreach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[80m]**

**18.** Déan cur síos ar conas a oiriúnaíonn beatha phlanda agus ainmhí do chúinsí ithreach agus aeráide i mbithóm a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[80m]**

## Cultúr agus Féiniúlacht

**19.** Athraíonn an tionchar atá ag an reiligiún ar an bpolaitíocht le himeacht ama agus ó réigiún go réigiún.
Déan an ráiteas thuas a phlé agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[80m]**

**20.** Tá grúpaí cultúir/eitneacha ag cuid mhaith stát laistigh dá dteorainneacha. Scrúdaigh conas a réitíonn na grúpaí sin le chéile, agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[80m]**

**21.** Scrúdaigh conas is féidir leis an imirce dul i bhfeidhm ar phatrúin chiníocha.

**[80m]**

## An Timpeallacht Atmaisféir-Aigéin

**22.** Mínigh agus déan cur síos ar fhorbairt patrúin aerchúrsaíochta. Ba cheart tagairt a dhéanamh i do fhreagra do **dhá cheann** ar a laghad díobh seo a leanas:

- Córais ghaoithe dhomhanda
- Gaotha tíre agus farraige
- Gaotha sléibhe agus gleanna

**[80m]**

**23.** Scrúdaigh an malartú uisce idir na haigéin agus an t-atmaisféar.

**[80m]**

**24.** Tabhair cuntas mínithe ar aeráid dhomhanda **amháin** ar leith a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[80m]**

Leathanach Bán

Leathanach Bán